Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

Stampa an Ionaid

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2014

Gaeilge Ardleibhéal

Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

160 MARC

Dé Luain
9 Meitheamh
Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20

Cuid I: Cluastuiscint (60 Marc)

Don Scrúdaitheoir	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Treoracha d'iarrthóirí

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

1. Cad atá á lorg ag Ollscoil Luimnigh?

_____

2. Luaigh **dhá** cháilíocht atá riachtanach don phost seo.

(i) _____

(ii) _____

3. **(a)** Cad iad na huaireanta oibre sa phost?

_____

(b) Luaigh slí **amháin** le heolas a fháil faoin bpost seo.

_____

FÓGRA A DÓ

1. Cad a thosóidh ar TG4 Dé Luain seo chugainn?

_____

2. **(a)** Cad a bheidh ar siúl sa Bhrasaíl sa samhradh?

_____

(b) Luaigh rud **amháin** a bheidh ar an gclár speisialta ar leathuair tar éis a sé.

_____

3. Cén dáta a thosóidh comórtas leadóige Wimbledon?

_____

Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cén fáth a bhfuil Áine tuirseach?

_____

2. Luaigh **dhá** rud a deir Pól faoina chuid laethanta san ollscoil i mbliana.

(i) _____

(ii) _____

3. Luaigh rud **amháin** a deir Áine faoi na ceisteanna a chuir an scrúdaitheoir.

_____

An Dara Mír

1. Cad é an t-ábhar cainte ba spéisiúla a bhí ag Áine leis an scrúdaitheoir?

_____

2. Cad a deir Áine faoi Facebook agus faoi na líonraí sóisialta?

_____

3. Cá bhfuil Pól ag dul anois?

_____

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cén gradam a bhuaigh Seán sa scoil aréir?

_____

2. Cén club a d'eagraigh Comhairle na Mac Léinn sa scoil le bliain anuas?

_____

3. Scríobh síos pointe **amháin** a luann Orla faoi dhéagóirí na laethanta seo.

_____

An Dara Mír

1. Luaigh **dhá** imeacht a chuirtí ar siúl ag am lóin Dé Máirt agus Déardaoin.

(i) _____

(ii) _____

2. Scríobh síos rud **amháin** nach mbíodh cead ag na scoláirí a thabhairt isteach sa cheaintín Dé Céadaoin.

_____

3. Luaigh ábhar **amháin** atá sa nuachtlitir a tugadh do gach scoláire roimh shaoire an tsamhraidh.

_____

Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. Cén stáisiún raidió a bhí ag ceiliúradh fiche bliain ar an aer in 2013?

_____

2. Cén dream daoine ar a bhfuil an stáisiún raidió seo dírithe?

_____

3. Luaigh pointe **amháin** eolais faoi na hoibrithe a bhíonn ag obair leis an stáisiún raidió seo.

_____

PÍOSA A DÓ

1. Cé mhéad mac léinn atá imithe go dtí na hOileáin Fhilipíneacha?

_____

2. Luaigh pointe **amháin** eolais faoin damáiste a rinne an tíofún in 2013.

_____

3. Ainmnigh **dhá** imeacht a d'eagraigh na mic léinn chun airgead a bhailiú.

(i) _____

(ii) _____

Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B nó C*** anseo thíos.
Nóta: Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.

A – AISTE **nó** ALT NUACHTÁIN / IRISE – **100 marc**

Scríobh AISTE **NÓ** ALT NUACHTÁIN / IRISE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

(a) Daoine cáiliúla sa lá atá inniu ann.

(b) Is iad blianta na hóige na blianta is fearr.

(c) An Bochtanas in Éirinn.

(d) Cearta daonna in Éirinn sa lá atá inniu ann.

(e) Na rudaí atá tábhachtach i mo shaol.

B – SCÉAL – **100 marc**

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Díomá.

(b) Ní mar a shíltear a bhítear.

C – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – **100 marc**

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

Tá feabhas le feiceáil ar chúinsí eacnamaíochta na hÉireann faoi láthair.

(b) Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh le grúpa ón nGearmáin, atá ar cuairt ar do scoil, ar an ábhar:

An tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge agus leis an gcultúr Gaelach.

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

Leathanach Bán